POLAITÍOĊT

Coiṁlint don Aimsir Aoiḃinn ó

Sompla maiṫ de ċoṁ fádalaċ leadránaċ agus a ḃíonn an Stát-Seirḃís agus a lagad de ḃrú agus a ċuireann siad ar luċt gnóṫa go ḃfuil cuid de na tuairiscí ar díospóireaċt Dáil Éireann, ag teaċt amaċ fós óna clódóirí, cé go ḃfuil na clódóirí arais le mí anois. Sa gcás s'againn féin, ṫáinig an tuarascáil den 6ú Lá Iúil, inann. Ní h-iontas ar biṫ go mbíonn leaḃraí an Gúm ag teaċt amaċ indiaiḋ bás na n-údar, más é seo an dóig a ndeintear deiġleáil leis na clódóirí. Ciḃé ar biṫ tá an saol úr ar tosaiġ insan ṗolaitíoċt agus an Dáil agus an tSeanad i gcionn a ċéile.

Cím go léitear "Fearfeasa" go cúramaċ i nGaillim. Cúpla seaċtain ó ṡin. ṫráċt mé ar ċaiġdéan árd a ḃí ag Liam Mac Cosgar, nár ḃain úsáid as an géarṗráinn airgeadais le Fianna Fáil a ḃualaḋ. Seaċtain na ḋiaiḋ sin, ċonaic mé an áit nár ċur craoḃ na Gaillime de Ḟine Gael rún coṁġairdeaċas i ḃfeiḋm leis an Uasal Mac Cosgar, as an rud seo a ḋéanaṁ. Ar nḋóiġe, ḃí ḟios agam go léiġtear AMÁRAĊ go leaṫan, aċ ní raiḃ ḟios agam go raiḃ muintir Ḟine Gael i nGaillim ag taḃairt áird ċoṁ cúramaċ ar "Fearfeasa."

Tá na scríḃneoirí go léir agus na tráċtairí ag molaḋ an Uasal Ó Máille, agus tá cúis molta ann. Le fada. fada an lá, ḃí leatrom ḋá ḋéanaṁ ar banaltraí na tíre, agus ní laḃarfaḋ duine ar biṫ amaċ faoi. Ar nḋóiġe, ní ḃeaḋ éinne ar súil le fear coṁ iomċoiméadaċ, leis an Uasal Mac an tSaoi, aon rud a rá, aċ, is cróga agus is fearúil an gníoṁ a rinne an tUasal Ó Máille. nuair a laḃair sé amaċ mar do laḃair. Aċ, tá súil againn anois, naċ ḃfágfaiḋ sé i muinín cainte é, agus go ḃféaċfaiḋ sé ċuige go raċaiḋ an ċaint seo i ḃfeiḋm.

Agus an ċéad áit ar ċeart dó féaċaint ċuige go raċfaḋ sé i ḃfeiḋm, nó i nGaillim. Tá tromlaċ mór ag Fianna Fáil ar Coṁairle Condae na Gaillime, agus ar na h-údaráisí agus na coistí uilig atá faoi. Ba uafásaċ an rud a rinne údarás ansin, nuair a ġlac siad hocus pocus le míniú an Ḃainisteora agus d'aontaiġ siad le ceaṫrar cailíní óga a ḃí sásta a mbeaṫa a ċaiṫeaṁ ag déanaṁ seirḃís dá dtír agus dá muintir. mar ḃanaltraí, a ċaiṫeaṁ amaċ as a gcuid postanna in Ospidéal i nGaillim, toisc naċ ndéanfaḋ siad scrúdú agus iad a' teaċt ó obair oíċe. Is náireaċ an rud é do Ċoṁairleoirí ar biṫ, é seo a ḋéanaṁ, agus ós rud é go ḃfuil an tromlaċ ag Fianna Fáil ansin, agus go ḃfuil Teaċtaí Ḟianna Fáil ar an Ċoṁairle, beiṫfear ag súil go dtiġ leis an Uasal Ó Máille, mar Aire, a ċuid tuairimí a ċur i ḃfeiḋm orṫa, agus féaċaint le aṫrú a ḋéanaṁ air sin.

Tá sé in am na banaltraí a ṫaḃairt isteaċ go dtí saol na 20ú aoise. Ṫráċt mé ċeana ar cé'n fáṫ gur dearnaḋ an iasaċt ṫar sáile ċoṁ beag. Ligeaḋ amaċ é an tseaċtain seo caite; b'ḟearr go mbeaḋ an ċéad ċeann agus go mbeaḋ i ḃfad níos mó ag iarraiḋ airgead a ċur ann, ná mar a ḃeaḋ áit dioḃṫa. Ar nḋóiġe, is maiṫ an rud é seo le iasaċt ar biṫ, aċ, tá le tuigḃeáil as, gurḃ é seo an ċéad ċeann de na h-iasaċtaí ṫar sáile seo, agus is cosúil gur nós é atá a' ḋul a ḃeiṫ ag Airí Airgeadais san am atá le teaċt. An nós maiṫ é? Sin ceist eile. Agus ciḃé fá tacaíoċt a ḋéanaṁ leis an seasaṁ náisiúnta, is ceist seo a ba ċeart a ṗlé go measarṫa bunúsaċ, san Dáil, nuair a ḃéas caoi ċuige. Leis na h-árdaiṫe a tugaḋ faoi an Naoṁú Ḃabṫa ar fud na tíre, ba ċóir go mbeaḋ dóṫain airgead le sparáil, fríd an tír, le tuilleaḋ capital a ċumaḋ sa ḃaile, agus leis na h-iasaċtaí stáit seo a líonaḋ. Muna ḃfuil, agus muna féidir cuid ṁaiṫ den airgead breise a ṫarraingt isteaċ i gcapital tionsclaċ, faoi stiúraḋ príoḃáideaċ, rud naċ raiḃ de nós in Éirinn go fóill, beiḋ baol ann go mbeiḋ barraíoċt airgid, agus tóraíoċt ró ḃeagán earraí, agus go mbeiḋ ísliú ar luaċ an airgid agus árdú ar ṗragas earraí, agus muid ag tarraingt tuilleaḋ earraí isteaċ agus ag déanaṁ an coṫrom íocaíoċta idir an tír seo agus tíorṫa eile, níos measa fós.

Tá cuma ar Fianna Fáil go ḃfuil siad ag sleaṁnú níos fuide agus níos fuide ar ṡiúl ó seana ṗolasaí Sinn Féin san am fadó, agus níl sé cruṫaiṫe go h-iomlán gur maiṫ an polasaí nua don tír fós.

Le bearna ag tarraingt suas ar £200m. idir onnṁuiriṫe agus alṁuiriṫe ní miste tarraingt suas a ḋéanaṁ. Agus is dóiliġ a feiceáil, cé'n aicme polaíoċta, nó cé h-iad, a ḃéarfas ionsaí faoi seo, nó tá cosúlaċt air go ḃfuil Fine Gael, lena gcuid teoraiceoirí úra ag iarraiḋ céim ar ċlé de Ḟianna Fáil a ġlacaḋ i gcúrsaí airgeadais. Ba leor mar nod air sin gur cuireaḋ an tUasal Sweetman i mbun talṁaíoċt agus an tUasal Ó hUigin i mbun airgeadais.

An féidir go raċfaí ró fada leis na rudaí seo do leas na tíre? Ar nḋóiġe, ní féidir leis an Luċt Oiḃre gan a ḃeiṫ ar ṫaoḃ na láiṁe clé de Ḟianna Fáil insan gnó seo de. Agus os rud é gur daoine óga cuid mór de Airí Fianna Fáil san am i láṫair, do b'ḟurasta dúinn dul ró ḟada ar ṫaoḃ na láiṁe clé.

Agus nár ḋeas mar scríoḃ mé fá cé a ḃeaḋ ann i mbun an Rialtais nuair a ḃeaḋ an Taoiseaċ ar ṡiúl i Meiriceá, ag oráid an Ṗápa, agus an Tánaiste lena ċois, agus an tAire Airgeadais ann ċeana. Dúirt mé naċ mbeaḋ an tUasal Childers ann, agus naċ mbeaḋ an tUasal Hilliard ann. agus cé gur ṁaiṫ go mbeaḋ Caṫal, an buaċaill órḋa ann, nár ṁeas mé gur iondéanta é go mbeaḋ. Ar léiġ an Taoiseaċ mó ċuid cainte? Níl ḟios agam, aċ ciḃé ar biṫ, ḃí fógra naċ mbeaḋ an Taoiseaċ ar ṡiúl aċ ar feaḋ cúpla lá, agus go ḃféadfaí i gcónaí teangṁáil leis, agus mar sin, nár ġá duine ar biṫ a ċur i mbun an Rialtais, ḟad a ḃí sé ar ṡiúl. Sin an leide a ḃí mé ḟéin ag iarraiḋ a ṫaḃairt, gur b'ḟearr gan duine ar biṫ a ċur i mbun an Rialtais ⁊ ar nḋóiġe níor cuireaḋ. Agus sin mar is fearr é, mar níor ṁaiṫ an árdú céime a ṫaḃairt do éinne eile, agus níorḃ iondéanta é ṫaḃairt do duine aṁáin, ar ṁaiṫ é ṫaḃairt dó.

Mar sin, nuair a ṫiocfas an Dáil le ċéile arís, leanfaiḋ an coiṁlint idir Mac Eoċaiḋ agus Ó Loingsiġ, féaċaint cé ḃéas ar tús insan aimsir aoiḃinn ó. Agus idir amanna, is beag seaċtain a raċas ṫart, naċ mbeiḋ Niall Óg os coṁair an poḃail. Naċ trua do Niall Óg gan a ainm a ḃeiṫ níos áirde i ngraiṫí Gaeilge mar is sé a d'ḟéadfaḋ leas a ḃaint as!

Fógraím go ḃfuil an Dr. Ó hIrġile ag sleaṁnú go tapaí as an rása fá ċoinne an aimsir aoiḃinn ó, agus níl Ó Lionaċáin Óg, ar liosta na dtosnaiṫeoirí ċor ar biṫ. Aċ. d'ḟéadfaḋ fear óg eile—Ó Máille, a ḃeiṫ ar ṡiúl ón sirioc-líne go h-iontaċ gasta. Tá an mianaċ ann.

Aċ ní ṫiocfaiḋ an aimsir aoiḃinn aoiḃinn ó, coṁ gasta sin. Nó tiġ liom a rá anois naċ mbeiḋ Lemass ina iarraṫóir an ḃliain seo ċugainn fá ċoinne na hUaċtaránaċta. An mbeiḋ Proinsias Mac Aodgáin? Sin ceist eile. Ceist ar ṁaiṫ leis na h-ógánaí uaill ṁianaċa freagra fáil air go tapaí. Muna mbíonn Proinsias ina iarraṫóir don Uaċtaránaċt an ḃliain seo ċugainn, is cinnte go mbeiḋ sé ina Ṫaoiseaċ ar feaḋ téarma aṁáin, má éiríonn Lemass as, ag deireaḋ tréiṁse na Dála seo. Agus fágfaiḋ sin tamall níos fuide ag na h-iarratóirí óga le fanaċt. Aċ, an éireóiḋ Lemass ag deireaḋ tréiṁse na Dála seo, abair 1969?

FEARFEASA.

LITIR ṠASANA

Fuadar Maidine

DÓNALL MAC AṀLAIḂ

Éiríonn tú le glaoċ a' ċoiliġ—nó ba ċirte dom a rá, b'ḟéidir. go mbeaḋ an oileaċ ag glaoċ dá mbeaḋ a leiṫéid de éan faoi ḟaid deiċ míle ḋuit, rud naċ ḃfuil — agus baineann tú an tús de'n diaḃal de "Alarmer" sul a réaḃfar ciúineas ṙa moċ-maidine ag a ċuid tréan-ċlingeaḋ maltaiṫe. Ligeann tú osna ansin ⁊ síneann do ġéaga uait; óra a ḃrioṫáirín ó tú ní ċompóird go dtí é, teas agus boige na leapṫan mar a ḃeaḋ truaill beannaí in do ṫimpeall, dod' ċosaint fós ó dreancaidí an tsaoil ṁóir taoḃ amuiġ. Tagann caṫú ort druim láiṁe a ṫúirt don obair aċ ní mó ná go gcuireann tú aon am amú ort féin ag giollamas leis an gcaṫú céanna sin. Ró-ṁaiṫ a ṫuigeann tú in do ċroí istiġ naċ ḃfuil dul as agat — "Growl you may, go you must" mar a deir an té adúirt. Déanann tú áil den éigean agus díríonn aniar sa leaba, agus indiaiḋ cúpla secuind a ċaiṫeaṁ de do ṫoċas féin go sómasaċ. téiġeann tú ag póirseáil tríd an tranglam éadaiġ ar ṫóir do léine. Faiġeann tú é agus ṫarraingíonn ṫar do ċloigeann anuas é. Na stócaí is measa más ann agus go raiḃ de ḋíċéillí ionnat, an oíċe roiṁe, iad a ḟágáil ort sa leaba ar fea nóiméad nó ḋó nó go dtéiġfí na cosa agat; nuair a ċaiṫ tú ḋíot iad (tré gan aon láṁ a leagaint orra aċ ordógaí móra do ḋá ċois ag gníoṁú go breá ḋuit, áit a raḃais ró-leisciúil le ċromaḋ síos agus méaraċa do láiṁe a oibriú orra) ḃí tú cinnte naċ mbeaḋ a ḋaṫ stró ort dá n-aimsiú arís ar maidin. Aċ anois is beag naċ dtagann aiṁreas ort an raiḃ péire ar biṫ stócaí agat ag gáḃáil a luí duit aréir. Má ḃí cá ḃfuileadar anois? Naċ ḃfuil an leapa stróiċṫe ó ċéile agat dá n-iarraiḋ agus tús curṫa a'd le do lá, ní le páidirín beag mar ba ċuí aċ le mionna beaga is móra. Faoi ḋeire ṫiar ṫall faiġeann tú na stócaí san áit naċ ḃféadfaḋ siad a ḃeiṫ ann —de réir riail ar biṫ dá ḃfuil ar eolas ag an duine, dár leat. Soipriṫe isteaċ faoi ḃun do ṗiliúir tá ceann aca agus a leaṫ-ċeann amuiġ i lár an urláir! Gléasann tú tú féin go spaḋarṫa agus téiġeann síos ċun na cistíní. An citil a ḃualaḋ ar ḟáinne an ġáis (Birmingham, Camden Town nó Huddersfield tá i gceist anois agam. a ṁac, agus ní Béarna, Na Minna, ná an Ceaṫrú Rua) agus casann tú cnaipe an raidió le go mbeiḋ fianaise an B.B.C. aagt go ḃfuil sé an 6.15 ar maidin. Tuigeann tú gur fada fós a ḃeiḋ luċt Radió Éireann ag srannaḋ go sáṁ. Naċ raiḃ tú féin ar an gcuma álainn céanna lá de do ṡaol. Faraoir nár ḟanais in Éirinn . . .

Tá an citil ag feadáil mar ḃeaḋ éan mire ann agus bailíonn tú ina ċoinne go beo leis an ngleo damnaiṫe a stopaḋ; baineann tú an stoipéad de gob an ċitil agus ḟoḃair duit t-ordóg ⁊ do ċorr-ṁéar a sgallaḋ san am gcéanna. Sacann tú na baill dóite siar in do ḃéal go cráite agus ó naċ féidir leat siolla ar biṫ a laḃairt cúns tá tú ar an gcuma sin cuireann tú mallaċt id' intinn leis an gcitil feadaíola. Braon tae tá ag teastáil, agus ag teastáil go géar, anois uait agus téiġeann tú i mbun oiḃre le fonn. Á, sin é! Braon maiṫ láidir. Liġ do ṡeasaṁ ar fea a ṫrí nó a ċeaṫar de nóiméad agus ní ḃeiḋ na gráinní míṫaitneaṁaċa údan ag snáṁ ar a ḃárr agat ar ball. Bainne anois —aċ cá ḃfuil an bainne? Ní féidir naċ ḃfuil aon ḋeor beag de fannta faoi ċuṁdaċ an tí agat? An deor féin?

Aċ naċ gcuiṁin leat? Ḃí cuairteoirí isteaċ aréir agat—i dtráṫa an h-aon déag nó níba ṁoille nuair a ḃí tú go díreaċ ar toiḃ a ḋul a luí duit féin. Nuair ba léir is ba ró-léir duit naċ mbaileóidís leo i dtí diaḃail as t'aṁarc go dtaḃarfá braon tae dóiḃ, ḟliuċ tú pota ḋe agus is mar sin a ċaiṫeaḋ fuioll do ċáirt ḃainne. Di-leá orra mar ċuairteoirí. naċ gceapfá go ḃfanfaidís ag baile i leaba a ḃeiṫ ag teaċt ṫart an t-am sin d'oíċe ag cur mí-áḋ ar ḋaoine eile? Aċ b'ḟéidir le Dia go mbeaḋ fearr an Déirí tagṫa agus go ḃfuil do ḋá ḃuidéal bainne anois féin ag fuireaċt leat ar lic an dorais amuiġ. Amaċ leat go gasta: tá sé an 6.30 ċeana féin agus tá ort a ḃeiṫ ag dul ar ḃord an ḃus oiḃre ar ḃuille an seaċt. An cancarán beag ḃradaċ sin de Loċ Garmannaċ tá á ṫiomáint ní ḟanfaḋ sé ḋá nóiméad leis an bṖápa féin, ní áirím do leiṫéide. Osclaíonn tú an doras cromann síos agus — nár ba fearr a ḃéas tú mar ḟear Déirí — níl aon ḃuidéal bainne ann! Cuireann tú bomaite nó ḋó eile amú ort féin ag eascainní ar an ḃfear bainne, an rud salaċ leisciúil naċ n-éireóḋ ċun a ċuid oiḃre mar a ḋéanfaḋ fear. Fileann tú ar do ṗrocóigín de ċisteannaċ ansin agus tosaíonn ag gearraḋ ceapairí coṁ sciopṫa agus tá ionnat; tá siad gearrṫa agat agus an t-im scarṫa orra agus iad á ṡacaḋ síos i mála páipéar agat faoim am a airíonn tú fear an ḃainne ag útamáil ṫart ag an doras tosaiġ. Téiġeann tú de raide i gcoinne an ḃainne agus mar ḟreagra ar "Good morning" amaideaċ an tSasanaiġ abraíonn tú "Calar ort" os íseal. Filleann tú ar an gcisteannaċ in aṫ-uair agus cuireann bainne in do ċupán tae; neart siúicre anois agus tá leat. Aċ damnú air tá sé fuar mar ṫae, coṁ fuair leis an ḃfíoruisce a ḃíoḋ sa dtobairín beag sin agaiḃ féin ar ċúl an tí fadó. Agus bárr ar ġaċ mí-áḋ sin é an príompallán de tráċtaire B.B.C. á fuagairt, leis an gcroíúlaċt amaideaċ maidine sin is tréiṫ do ḃunaḋ na tíre seo, go ḃfuil sé an 6.45 anois. Má tá, sin slán beo leis an tae. níl d'uain agat é ṫéaṁ ná braon úr a ḟliúċaḋ ḋuit féin. Amaċ leat as an teaċ mar ḃeaḋ áiṫreaḃaiġ na réigiúin ṫíos le do ṡála; sáraíonn tú Ronnie Ó Duḃṡláine le luas do reaṫa agus an Toibíneaċ a ċaiṫeaḋ an léim árd fadó ar a ċruaċúis dó léimt isteaċ ar an mbus ḃárdais coṁ scafánta leat. Ḃuaileann tú fút ar ṡuíoċán — más ann agus go ḃfuil ceann folláṁ fágṫa ḋuit — agus do ċroí i mbárr do ġoib agat. Ḃeiḋ tú in am ag do ċuid oiḃre ina ḋiaiḋ sin.

Aċ 'deánaṁ ar lár na caṫraċ duit, imeasc gleo agus tranglam ṫráċta agus oiḃriṫe ḃoċta bán-aġaiḋṫe ag deifriú leo go scannraiṫe i gcuile ṫreo, cuiṁníonn tú ar fea nóiméad ar do aisling is do ṁianċuṁa féin: teaċ beag 'ċaḃansail' i leaṫtaoḃ an ḃóṫair in Éirinn, i ḃfoisgeaċt míle nó ḋó do Gaillim, do Ṗort Láirge, do Ċill Ċoinniġ nó do aon ḃaile mór ar biṫ eile, cruaċ beag móna ag binn an tí agat. poll fataí sa ngarraí ag a ċúl, cearc nó ḋó ag priocaḋ ṫart faoin doras agus — an rud is gainne uiliġ ar na saolta driopásaċa, sanntaċa, buarṫa seo — suaiṁneas beannaí Dé ag cur bárr ḟeaḃais ar ġaċ níḋ! Á, a Éire ḋíl, is mairg a ṫréig tú.

Doṁnall Mac Aṁlaiġ.

Caoiriġ agus Eallaċ Marḃ

TÁ CAḂAIR AG TEASTÁIL ÓNA FEIRMEOIRÍ

Maraíoḋ 40 caoirí, 4 beiṫí eallaí. agus ḋá ṁuic ins na tuillte i nGleann Finne, adúirt an príoṁoifigeaċ le Coiste Talṁaíoċta Tírċonaill.

Aċ ba ṁeasa i ḃfad an dámaisce do ṫalaṁ féaraiġ adúirt sé agus ní raḃṫas abálta an damáiste do ṗréataí a ṁeas go fóill.

D'iarr an Coiste Talṁaíoċta ar Coṁairle Ċondae Ḋún na nGall cabhe a ṫaḃairt do na feirmeoirí seo agus cinneaḋ ar toscaireaċt a ċur ċuig an Rialtas ag iarraiḋ tús áite a ṫaḃairt do deisiú bruaċa aḃann na Finne agus an Lionann.

hIarraḋ d'aon ġuṫ ar Ranna an Rialtais caḃair a ṫaḃairt do na daoine a ċaill a gcuid sa tuile.

Rinneaḋ cuid mór damáiste do claíoċa agus milleaḋ 25 acraí de barr gráin.

BARLÓIRÍ AG IARRAIḊ SLÁNÚ NA GAELTAĊTA

Dia Máirt seo ċugainn, 26ú Deire Fóṁair, beiḋ cruinniú cinnḃliana ag an Ċoiste Sealadaċ in Óstán Jury's i mBaile Áṫa Cliaṫ. Eagras é seo de ḋaoine i mBaile Áṫa Cliaṫ a ċuireas suim i sáḃáil na Gaeltaċta agus ar ṁaiṫ leo plean cinte a ḟeiceáil i ḃfeiḋm ċun seo a ḋéanaṁ.

Ceapaḋ an Dr. Seán S. Fennelly, D.P.M.. as Inis Corṫaiḋ, Co. Loċ Garman ina doċtúir riarṫa ar an Oispidéil Intinne i Leitir Ceanainn.